C/2026/3790

13.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1437 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

(C/2026/3790)

Tugtar an fhaisnéis a leanas ar aird na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1437 ón gComhairle [2], agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine [3].

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí sin leanúint de bheith faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

Féadfaidh na daoine dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh chun leanúint dá gcoinneáil faoi réir na mbeart sriantach thuasluaite, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 18 Samhain 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú na Comhairle ar na bearta sriantacha sula rachaidh Cinneadh 2014/512/CBES in éag.

Cuirtear in iúl do na daoine dlítheanacha, do na heintitis agus do na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 229, 31.7.2014, lch. 13.
[2] IO L, 2026/1437, 26.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1437/oj.
[3] IO L 229, 31.7.2014, lch. 1.